Is iar sin dolluid Lomna Drúth riasin slóg isin mbrudin. Bensait in dorsaire a cend de. Fochres iarom isin mbrudin co 7855 fá thrí 7 dorralad eiste co fá thrí feib dorair[n]gertsom¹ fessin.

Dothic iarom Conaire immach asin bruidin 7 drécht dá muintir lais 7 ferait comlond frisin slóg. 7 dosuitet se .c. la Conaire ríású rosassad a arm. Adainter iarom in bruden co fá thrí 7 dorróbdad anall co fa thrí. 7 rodet ní furtha ind orgain 7860 mani gabtha gním n-aithergaib do Conaire. Dotháet Conaire do saigid a harm iar sin 7 gebid a erred cathaigthe imme. 7 gabaid glés n-imberta a arm forsna díberga cosin mbudin ro bof. Tosuitet dano sé chét lais iar saigid a airm inna chétcumscliu.

Ro gab roiniud forsna díbergaie iar sudiu. Atribartsa fribse 7865 for Fer Rogain mac Duind Desa. Obeit fianna fer nÉrend 7 Alban do Conaire ar thig ní iurthar ind orgain mani millter a bruth 7 a gal Conaire. Bid gar úar dosom ón or na druid ro bátár immalle frisna díbergaie bá hé milliud són dobertatár conid ragaib roluigi dige

7870 Dolluid Conaire issa tech iar sin 7 conatech² dig. Deog dam a phopa Meic Cecht for Conaire. Ní hé ord ro ngabus úait co sse ém for Mac Cecht tabairt digi dait. Atát dálemain 7 deogbairi lat tuicet dig dait. In t-órd ro ngabusa úait co sse to imditiu obeit fianna fer³ nErend 7 Alban deit imon mbrudin 7875 raga slan úadib 7 ní raga gai it chorp. Cuindig dig cot dálemnu 7 cot deogbairiu |

97b Is and sin conatecht Conaire dig coa dálemlnaib 7 coa deogbairib ro bátár isin tig. Nis fil and chetus ol seat ro dóirteá forsna tenti na lennand ro batar isin tig. Ni fúaratar na 7880 deogbaire dig dó isin Dothrae.^a 7 ro bof in Dothra trífasin tech.

^a i. aband [M]

¹ n-stroke om. ² sic, for conatecht, as below l. 7877. ³ contraction stroke over fer.

Is and conaitecht Conaire dig aridisí. Deog dam a data¹ a Meic Cecht is cumma dam ce bát² é éc tíasur ol atbél chenae.

Is and sin tra ro lá Mac Cecht rogu di láthair gaile fer nErend ro batár isin tig. dús in bad imchomet ind ríg bád dethiten dóib. t bád chuингid dige dó. Iss é ros frecair isin 7885 tig Conall Cernach 7 ba lond laside in comram 7 baí fích doside do grés iar tain fri Mac Cecht. Léic dúinni comet ind ríg or Conall 7 eirgsiu do chuингid na digi úair is cicut conaitegar.

Luid iarom Mac Cecht do chuингid na dige 7 gabais Lé fri Flaith³ mac Conaire fo axail 7 in cuach órdæ Conaire i mberfide 7890 dam co tinni. 7 birt a scíath 7 a dá gai 7 a claidb. 7 birt inber in chore .i. inber fairnd. Farrumaí immach cucu 7 dobert .ix. mbulli dond inbiur iarind ar dorus na brudne 7 tofuit nónbur cacha buille. Dogní iarom fáenchles don scíath 7 faeborchles don claidiub imma chend 7 tobart fobart m̄bidbad forro 7 7895 tofuitet sé .c. lais ina chéthcumslí. 7 teit iar sligi cét trá budin sechtair.

Imthíssa lochta na brudne iss ed chestnigher sund colléic. Atraig Conall Cernach 7 gebid a gaisced 7 imsoí dar dorus na brudne 7 timchellaíd a tech 7 dofuitet .ccc. lais 7 díchuirid na 7900 diberga⁴ dar teóra futhairbi ó brudin sechtair. 7 maídid búaid ríg 7 tintaíd i mbrudin 7 sé créchtach.

Tic Cormac Cond Longas 7 a noí céli malle fris. 7 doberat a cumslí forsna diberga 7 dothuitet .ix. ndeichenbor la Cormac 7 noí ndeichenbor la muintir 7 fer cech airm 7 fer cech fir 7905 7 maídid Cormac lecht airig díberga. 7 immáric elud dóib cérbot crechtaig.

Tecait in tríar Cruithnech a brudin sechtair 7 gabait gles immerta a n-arm forsna díberga 7 dofuitet .ix. ndeichenbor leo 7 immáric elud dóib cífarbat crechtaig. 7910

Tecait in nonbor cuslennach immach 7 imrubat a [n]gnim⁵ forsna diberga 7 immáric elud dóib.

Cid fil and trá acht is fota fri haisnis is tophlúin menman is búadred do chétsaidib is emiltius fri hestidib is imarcraíd n-innisen tíachtain darna nechib inundaib fo dí. Acht tancaitár 7915 iar n-urd lucht na brudne immach 7 ro fersatár a comlonna forsna diberga 7 dotuitset leó amal ro radi Fer Rogain 7

¹ apparently in ras. M. ² sic, ligatured té. ³ fl of Flaith altered from frif by M, who repeated fri inadvertently. ⁴ dib̄g MS. ⁵ n-stroke om.

98a Lomna Druth fri Ingcel | i. no theiged lucht cecha imdae
béus co fertaís a comlond 7 imrulaítis ass iar sin. Connach
7920 farcaib i mbrudin i farrad Conaire acht Conall 7 Sencha 7
Dubtach.

Frisin mórborth iarom 7 fri mét in chomlaint ro fer Conaire
dofic a mórhart itad 7 aplis do thám arnach fúair a dig.
Ó'tbath iarom in rí dotháegat in triar út a brudin immach
7925 7 nos gabat sáebglés ndíberge forsna díbergaib 7 imthíagat
o brudin co créchtach aithbris¹ 7 athgoite.

Imthíssa Meic Cecht im luaidside co ránic Tiprait Casra ba
occus dó i mbuí hi Crích Cúaland inna farrad 7 ní fúair lán
a chúaich inti di usci .i. in cúach orda Conaire ronuc ina
7930 láim. Dorimchell rígusciu Herend ría matain .i. Buas. Board.
Banna. Berba. Neim. Luae. Laígdae. Sinand. Síur. Slicech.
Samaír. Find. Ruirthech. 7 ni fúair lán a chúaich di usci intib.
Toróchell dano prímlocha Herend ría matain .i. Dergderc.
Loch Luimníg. Loch Rí. Loch Febail. Loch Mesca. Loch nErbsen.
7935 Loch Laíg. Loch Cúan. Loch nEchach. Mórloch 7 ní fúair lán
a cuaih di usci intib. Luid co ránic Úarán nGarad for Maig Ái.
Atroasidé a dícleth n-airi co tuc lán a chúaich ass 7 docer
in mac foa choim. Dodeochaid iar sudiu co tánic brudin
Dá Dergae ría matain.

7940 In tan dodeochaid Mac Cecht triasin tres fuithairbi dochom
in tige is and ro boí días oc béis a chind do Conaire. Benaid
farom Mac Cecht a chend dondala fir adchomaic a chend do
Conaire. Ro boí dano in fer aile oc élud ass cossin chind
dochoemnacair coirthé cloche fo chossaib Meic Cecht for lár na
7945 brudne toléice² dont fiur aile occa rabi a cend³ tara chóeldruim
co rróemid a druim and. Benaid Mac Cecht a chend de iar
sudiu. Dórtais Mac Cecht in cúach n-usci in n-airsci 7 i mméde
Conaire. Asbert iarom cend Conaire iar tabairt ind usci ina
médi 7 inna ersci.

7950 Maith fer Mac Cecht fó fer Mac Cecht.
dobeir dig conof ríg dogní echt.

Luid Mac Cecht iar sudiu iarom⁴ i ndeagaid in madma.

Iss ed tra ámit araile libair and so conna torchair acht
uathed mbec im Conaire .i. nónbor nammá. 7 ní móir ma

¹ sic, read aithbriste.

² doléice *Facs.*

³ chend *Facs.*

⁴ om in ras.

doerna sceóla indisen scél dona fiannaib ro bátár ar tig doib.⁷⁹⁵⁵
 Baile i rrabatár .u. mflé .c. 7 x. c. in cach míli ní érna acht
 óenchoiciuir díb ass .i. Ingcel⁷ a dá bráthair^a [i.e.] Ecell² 7
 Tulchinne.^b Luid iarom Ingcel i nAlbain iar tain | 7 gabais rigi^{98b}
 dar esi a athar ó ruc buaid ríg alathúathi leis dia thig.

Is^c [s] ed^d im̄ is slight i llebraib ailib and 7 is dochu combad⁷⁹⁶⁰
 fíriu. Cethracha t̄ coíca^e do thutim do^f lucht na brudne. 7 teóra
 cetraimthe do thutim dona díbergaib. 7 a n-áentrían nammá
 do élud ónd orgain.

In tan dano ro boí Mac Cecht fora áltaib isind ármaig cind
 in tres laí co n-accai in mnaí sechae. Tadall lat ille a banscál⁷⁹⁶⁵
 for Mac Cecht. Ní laimim a dul ol in ben lat graín 7 t'omun.
 Ro boí úair damsá di sudiu a ben for Mac Cecht. Nod gaibim
 for fir mo eníg 7 mo faesaim. Adella in ben chuice iarom.
 Nocon fetursa ol se in cuil bá in corrmíl bá in sengán nom gaib
 isin crecht. Ecmaing bá mongach meic thire ro boí and⁷⁹⁷⁰
 connici a dá gúalaind isin crecht. Ro gab in ben ar but 7
 dosrenga asin crecht 7 dobeir lán a bél lais ass. Is sengan
 sentalman ém or in ben aní seo. Tongu do dia toinges mo
 thúath for Mac Cecht níbu mó limsa oldás cuil t̄ corrmíl t̄
 sengan sin. Atbath dano Lé fri Flaith mac Conaire fó oxail⁷⁹⁷⁵
 Meic Cecht. [5] 7 ro leg bruth 7 allus in miled hé.

Dolluid Mac Cecht iar sin iar nglanad ind áir^g cind in tres laí 7
 dosrenga Conaire lais fora muin co[6]ro adnacht^h hi Temraig hé ut
 alii dicunt.ⁱ Doslui Mac Cecht iar sin hi Conachta^j co ndernad
 a leges i mMaig Bréngair. conid de ro len in t-ainm a mmag⁷⁹⁸⁰
 do ingor Meic Cecht .i. Mag mBrénguir.

Asluí dano Conall Cernach o brudin 7 dochúatar tri .lll. gai
 triasin láim i mboí in scíath dó. 7 luid iar sin co rránic tech a
 athar 7 leth a scéith inna láim 7 a cláideb 7 brurech a dá gai.
 Forránic iarom a athair i ndorus a liss hi Talltin. Lúatha coin⁷⁹⁸⁵
 dotroiphnetár a maccan for a athair friss. iss ed ron bí do
 chomruc fri ócu ón a senlaich for Conall Cernach. Scéla lat dī

^a [in marg.] .i. tri meic uí Chonmaic [H] ^b .i. Dartaid na Diberca [H]
^c .i. ca chrích fessin [H]

^{l-1} in ras. H. ² Echell Facs. ³ second s (om. Facs.) erased, but traceable; two
 strokes over the large capital S, which has been retraced. ⁴ i altered to e; coíca
 Facs. ⁵⁻⁶ in ras. H. coarse large script, widely spread to fill space. ⁶⁻⁶ in ras. H.,
 partly retraced. ⁷ the mark of aspiration is over t. ⁸ don Facs.

na brudne Da Dergae ol Amargin. In beó do thigernae.
 Nocon beó im for Conall. Tongu do dia toingthe mórhúatha
 7990 Ulad is midlachda dont fir dodeochaid ass i mbethaid fár fácbáil
 a thigerna la náimtiu i mbás. Nidat bána mo chrechta a sen-
 laich ol esseom. Doadbat a láim scéith dó forsa rabatár tri .lll.
 crecht iss *ed* adcoimced furri. In scíath trá immardítnestar iss
ed ros anacht. Ind lám dess immarobrad for sudi co rrici a dá
 99a cutrummae. Ro cirred iarom ind lám sin 7 ro hathchummad 7 ro
 7996 crechtnaiged 7 ro criátrad acht¹ conácaibset na féthi frisin corp
 cen etarscarad innád rabae in scíath ocá imdegail. Ro fígh ind
 lám sin innocht a maccáin ol Amorgein. Fír son a senlaich ol
 Conall Cernach is sochaide díá tard deoga tonnайд innocht ar
 8000 dorus bruidne.

Imthús im na [n]dibergach² cach óen terna díb o brudin
 dollotar cosin carnd dodrónsat isind aidchi reimideogaid. 7
 bertatar cloic³ cach fir beógaíti leo ass. Conid ed ro márbad
 dib oc brudin fer cach clochi fil hi Carnd Leca. Finit amen finit.

8005

Slicht Libair Dromma Snechta inso

ORGAIN Brudne Uí Dergae trá iarna remscéalaib .i. iar
 Tesbaid⁴ Etaíne ingine Ailello 7 iar Tromdáim Echdach
 Airemón 7 fár nAisnéis Síde Meic Óic do Midir Breg Leith
 ina síd. Conaire mac Eterscéli meic meic Ier di Ernaib Muman
 8010 is é ro hort isin brudin seo. Mess Búachallo dano a máthair
 ingen sidé Echdach Airemon 7 ingen ingine Étaine ut díximus.
 Conid Conaire ó máthair do Echdaig .i. Conaire úa hEcach .i.
 mac ingine ingine Echach hé.

Is *ed* fodráir a orcin hi cinta Echdach ar is áes síde
 8015 Breg Leith dorinólsat in n-orgain fo bíth tonaidbecht forro a
 síd oc cuinchid Étaíne la Echdaig. Ros dolbsat iarom lucht
 in tsíde sin hi slúagu 7 dollótár do inriud Maige Breg 7 tarfás
 samlaíd do Chonaire. Ecmaing ba thír dudlotar ar is hé ré insin
 loingside siabrai. Ar gabaissom⁵ flaith i ndíaid a athar 7 asbert
 8020 Ninión druí bátar n-é airchoilte a flatha. ar ná hechtrad a
 Temraig cach nómaid aidche 7 ní fuinmilsed gata ina flaith.

¹ achd *Facs.* ² n-stroke *om.* ³ sic, cloich *Facs.* ⁴ baid added above line, M.⁵ abais in ras. M.

7 na gabtha díberg. 7 ní áirsed augra in dá túathmaíl túath Maugnae. 7 ná foíed hi taig asmbad ecna soilse iar fuiniud gréne 7 r.

Slicht na cíni beos.

8025

Mane Milscothach mac Carbad 7 Gér mac uí Necae 7 tri meic uí Thoigse it é nod n-ortatar Conaire tre chomarli Ingceóil. Dobreth Geer mac ui Necae hi rráith fri Ingcéil im orgain no thogfad i nHére dó. Roda nertsatside do chomolloid fri Ingcel a n-ebred Mani Milscothach. Asbert Mani ba liach 8030 bruden do orgain fo déig Conaire. Is de no geibed Ingcéil grúad¹ 7 fir ui Necae. Tri .lll. ba hé a llin ocund orgain Is ed dollotár riam i nAlpain do chor a ndíbergae and ar nír léic greim Conairi doib a cor i nHere. Conid iar sin tancatar Hérend a llín cétna 7 ortatár brudin. Conid Bruden Uí Derga 8035 cona fúasaitib 7 cona slechtaib ²7 cona remscélaib amal adfiadar i llebraib insin anúas a³ bith samlaid., ., ., |

¹ úad, end of line, by H, ink paler. ² This leaf is in two sections; the lower of triangular shape, has been re-joined out of alignment, so that certain letters, bisected, in both columns, recto and verso, do not meet; several are lost, cf. infra.

³ Facs. has ar siglum; but there is no trace of cross-stroke.

99b Incipit Fled Bricrend 7 in Curathmír Emna Macha 7 in
 Briatharchath¹ ban Ulad 7 Tochim Ulad do Chriúachnaib
 8040 Ai 7 Cennach ind Rúanada² i nEmain Macha

1.

Boí fled mór la Bricrind Nemthenga do Chonchobur mac Nessa. 7 do Ultaib huile. Bliaidain lan dó oc tinól na flege. Dorónad iarom tegdas chumtactha lais fri frithailem tomalta na flege. Conrotacht iarom a tech sin la Bricrind i 8045 nDún Rudraige fó chosmailius na Cráebrúadi i nEmain Macha acht nammá ro derscaigestar a tech so eter adburr 7 elathain. eter chaími 7 chumtactae. eter úatni 7 airinigi. eter lígrad 7 lógmaire. eter sochraide 7 súachnide. eter irscartad 7 imdorus do thigib inna hamsiri sin uli.

2.

8050 Is amlaid trá dorónad a tech sin sudigud Tige Midchúarta fair .ix. n-imdada and ó thenid co fraigid .xxx. traiged i n-airdi cacha hairníg cré dumae co ndiórard óir friu uile. Conrotacht rígimdae and farom do Chonchobur i n-airinuch ind ríghige sin úas imdadaib in tige uile co ngemaib carrmocail 7 lógmarairb 8055 archena 7 lígrad óir 7 airgit 7 charrmocail 7 datha cach thíre combo chomsolus lá 7 adaig inti. 7 Conrotachtá dano dá imdá déc in dá erred déc Ulad impe. Ba comnart iarom indas in gníma sin 7 ind adbair dobreth dó dénom in tigi. Sesreich oc tabairt cecha clethi 7 mórfessiur di thrénferaib Ulad oc cor 8060 cacha hóenslaite. 7 .xxx. cha sáer do prímsáeraib Herend oca dénam 7 oca ordogud.

3.

Dorónad dano gríanán la Bricrind fodessin fó chomardus imdái Conchobair 7 inna láth ngaile. Conrotacht iarom in gríanan sin do imdenmaib 7 cumtaigib sainamraib 7 ro 8065 sudigthe senistre gainide ass for each leth. Conrotacht iarom senester dsb uasa imdaidseom fadéin combo fodirc dósom imcissin in tige máir úad assa imdái déig rofitrism ni léicfítis Ulaid isa tech.

¹ above line in bria= is repeated by a recent hand, which has clumsily retraced bria of the original. ² final a indistinct; in upper margin ruanadha is repeated by the same recent hand.

4. In tan tra bá urlam la Bricrind dénam a thige máir 7 a grífanán 7 a n-errad díb línaib do brothrachaib 7 brecánaib 7 8070 cover lov
cholechib 7 cerchaillib 7 a tincor do lind 7 do bíud 7 nad rabi ní bad esbaid úad eter deintrub 7 comadbar na fede. Dotháet iar sin co toracht Emain Macha ar cend Conchobair co mathib
5. fer nUlad imbi. Ba hed lá and sin iarom ro boí óenach la hUltu i nEmain Macha. Féarthar failti fris iar sudiu 7 dofessid 8075
for gúalaind Conchobair. Adgládastarⁱ Concobar co nUltai
olchena. Taít limsa ol sé co tormail()² ()² lim. Maith limsa dano ol Concobar mad maith la Ultu. Frisgart Fergus mac Róig 7 mathi Ulad archena co n-épertatár. Ní ragam ol seat ar bit lia ar mairb oldáte ar mbí farnar n-imchosait do 8080
6. Bricrind dfa tísam do thomailt a fede. Bid messu dúib ém ol se a ndogensa céin co tísaíd lim. Cid dogénasú³ | di sudiu ol 100a Conchobar cén co tíusat Ulaid lat. Dogénsa ém ol Bricriu imcossaít na ríg 7 na toísech 7 na láth ngaile 7 na n-ócthigernd co 'mmáromarba cách díb a chéli mani thísat lim do ól mo fede. 8085 To thei each will
Noco dingniumni airatsu sin or Conchobar. Immacossaitiuba
eter in mac 7 a athair co 'mmámuirfe dóib. Mani fetursa sin dano or se immácosaítiub eter⁴ in n-ingin 7 a mmátair. Mani fetur sin dano or se immacossaitiub dá cích cacha óenmná la Ultu co 'mmatuairefe dóib co mbrenfat 7 co llofat la sodain. Is 8090
ferr a techt ol Fergus mac Róig bid fir sucut ol se. Denaid immacallaim dī or Sencha mac Ailella úathad do degdaínib Ulad mágd maith lib. Bíaid olc de ol Conchobar cen co déntar comarlf fris.
7. Tíagait iarom mathi⁵ Ulad uli i n-imacallaim. Ba sí comarli 8095
Sencha doib dano ina n-imacallaim ⁶Maith tra ol Sencha uair atabair ecen techt la Bricrind togaid⁶ aitiri⁷ de 7 sudigid⁸ Since needs you unuse
ochtur claidbech imbi im dul dó asin tig acht co taifseña a fled dóib. Dochóid Furbaide Fer Bend mac Conchobair lasin n-athesc sin co n-écid do Bricrind in n-imacallaim uli. Maith 8100
lim ol Bricriu a denam samlaid. Tocumlat ass iarom Ulaid o Emain Macha cach drong immá rig. cach réim immá rurig. cach buden immá túsech. Bá hálaind iarom 7 bá hamra in tochim ronuicset in trénfir 7 ind láith gaile dochum ind rigthaige. 8105

¹ Atgladastar *Facs.* ² letters lost, only upper portions of il left; read tormailte fled.

³ dogénasib *Facs.* ⁴ added above line. ⁵ mati *Facs.* ⁶⁻⁶ in ras.

⁷ added at end of line. ⁸ sic, de 7 sudii added at beginning of line, M.

8.

Ro imráid iarom Bricriu inna menmain dús cinnas doragad ar imchossaít Ulad ó dodeochatar aittiri na trénfer tara chend. O ro glé dī a imrádud 7 a scrútan uli inna menmain. Dolluid co mboí i mbudin Lóegaire Buadaig meic Connaid meic Ilfach.

8110 Maith sin tra a Loegairi Buadaig or se a balcbullig Brég. a bráthbullig Midi. a bethir breóderg a búaid n-óc nUlad. Cid daitsiu nábad lat in curathmír Emna do grés. Mad ferr limsa ém or se bid lim. Ríge láech nÉrend uaimse dait ol Bricriu acht co nderna mo chomarlisea. Dogén im or Láegaire.

9.

8115 Mád lett ém cauradmir mo thigese bid lat cauradmir Emna¹ do grés. Is cóir curathmír mo thige do cosnom or se ní cauradmir tige meraige. Atá dabach hi talla triar and di lathaib gaile fer nUlad iarna línad do fin acнета.^a Atá torc .uui. mbliadna and o ro léorc² becc ní dechaid inna beólú acht

8120 littiu lemnacha 7 menadach i n-erroch 7 fircroith 7 firlemnacht 100b³ i ssamrud. Eitne cnó 7 firchruithnecht hi fogomur | 7 feóil 7 enbruthe hi [n]gemrud.³ Atá bó thúir and díandat⁴ slána a secht mbliadna o robo lóeg bec ní dechaid fráech t foigdech inna beólú acht firlemnacht 7 luigfér glasfeoir 7 arbar. Atát cóic

8125 fichit bargin cruihnechta and iarna fuine tría mil. Cóic méich fíchet tra iss ed ro bronnad frisna cóic fíchtíu bargin sin. 7 cethri bargein di cach míach. Iss e sin dī curadmir mo thige or Bricriu. Úair is tustu láech as dech fil la Ultu is dait as chóir a thabairt 7 is dait donúthracarsa. In tan iarom bas urlam taisbenad inna 8130 flede deód laí érged do araso súas 7 bid dó doberthar in curadmir. Beit fir marba and t dogéntar samlaid or Loegaire. Fáitbestár Bricriu la sodain 7 bá maith lais a menma.

10.

O ro scáich do iarom imcossaít Loegairi Buadaig dolléic i mbudin Chonaill Chernaig. Maith sin a Chonaill Chernaig or 8135 Bricriu is tú láech na cernd 7 na comram. At móra na comrama dait sech ócu Ulad olchena. In tan tíagait Ulaíd for cricha echtránd udi tri lá 7 tri n-aidche daitsiu remib for áthaib 7 ilathaib.⁵ Tú dano tara n-éssi dorísi ocá n-imdegail oc tíchtain ass conna togethar sechut na treót na torot. Cid 8140 daitsiu iarom nád bod latt curadmir Emna Macha do grés.

^a.i. sainemail [H]

¹ lower part of e lost. ² or obscure owing to faulty re-joining of lower portion of leaf (see p. 245, n²) and mutilation; léorc sic. ³ n-stroke om.

⁴ díáat Facs. ⁵ it apparently altered from r.

deception, trick, ruse

Cerbo mór trá a mmuinbech dorat im Loegaire dorat a da cutrummai im Conall Cernach.

11. Iar n-imchossaít Conaill Cernaig dó iar[*o*]m¹ amal robo data lais dolléci i mbudin Con Culaind. Maith sin or se a Chu Chulaind a cathbúadaig Breg. A lígrataig Liphe. 8145 A macdrettill Emna a lennán ban 7 ingen. ní lesainm dait indiu Cú Chulaind úair is tú fer aurbága fil la Ultu dóeme a mmórgressa 7 a mmóraurgala 7 saiges a chert do cech óen la Ultu 7 ní nad roichet Ulaid uli rosoichisiu th'óenur 7 addaimet fir Herend uli do gail 7 do gaisced 7 do gníma 8150 úassaib. Cid daitsiu iarom in cauradmir do lé куд do nach aile do Ultaib uair ní túalaing nech di feraib Herend a chosnam frit. Tongu a toinges mo thúath im or Cu Chulaind bid cí a person, son etc cen chend intí doraga dí a chosnam frim. Scaraid dano Bricriu friu iar sodain 7 dotháet hi comaitecht a slóig amal na dernad 8155 309 back sig! etir in n-imchossaít.

12. Lotár iarom dochom in tige co rragaib cách a lepaid and isind rígthig. eter ríg 7 rígdomna 7 airig 7 ócthigernd 7 maccóemu. Leth in tige iarom do Conchobur co láthaib gaile fer nUlad immi 7 a lleth n-aill do bantrocht Ulaid im Mugain ingin 8160 Echach Fedlig mnaí Conchobair | Batir hé iarom bátár im 101a Chonchobar i n-airinuch in tige i.

²Fergus mac Róich.

Feradach Find Fectnach

Celtchar mac Uthechair

Fedelmid Chilair Chétaig

8165

Eogan mac Durthacht

Furbaide Fer Bend

7 Dá mac ind rig .i.

Rochad mac Fathemon

Fiacha 7 Fiachaig

Loegaire Búadach

Fergna mac Findchoíme

Conall Cernach

Fergus mac Leti

Cú Culaind

Cúscraid Mend Macha mac

Connad mac Mornai

8170

Conchobair

Erc mac Fedelmthe

Sencha mac Ailella

Illand mac Fergus

Tri meic Fiachach .i.

Fintan mac Neill

Rus 7 Dáre 7 Imchad

Ceternd mac Fintain

Muinremur mac Geirrgind

Factna mac Sencada

8175

Errge Echbél

Conla Sáeb

Amorgene mac Ecit

Ailill Miltenga

Mend mac Salchadae.

Bricriu fodein

Dubtach Dóel Ulaid

¹ abbrev. stroke om.

² arranged thus in two columns.

8180 7 formna láth ngaili Ulad arcena 7 a maccaem 7 a n-áesa dána.

an se Bl 13. Ardopet iarom a n-áes ciúil 7 airfite céin both oc taisbenad na fledo dóib.

ad. in, accessory, supplement O ro taisfeóin iarom Bricriu in fled cona imthórmaigib ulib forócrad do Bricrind fácbáil in tigi de inchaib na n-atairi.

8185 Atrachtatár na aittiri la sodain 7 a claidib nocta na lámaib díá innarba asin taig. Téit iarom Bricriu cona tegluch¹ assin tig dochom a gríanán.

*de br under o the
time don posts* Oc techt dó iarom fo díbí ind rígthaigi is *has been* and asbert. In cauradmir ucut ol se amal ro aurgnad ni *prepared*

8190 cauradmir tige meraige. Láech bas dech lib do Ultaib damberaid dó. Fosfácaib la sodain.

g we 14. Ataregat ind rannaire do raind in bíd la sodain. Atraig iarom ara Loegairi Buadaig i. Sedlang mac Ríangabra co n-epert frisna rannairib. Dale sechut ol se a curadmir n-ugut² do Loegaire Buadach uair iss é no ndlig sech ócu Ulad archena.

8195 Affraig dano Id mac Ríangabra ara Conaill Chernuaig co n-epert a cétna. Affraig dano Lóeg mac Ríangabra co n-epert a cetna frisna rannairib. Tuaid do Choin Chulaind sucut ol se ní mebul do Ultaib uli a thabart dó. is é gaiscedach as dech fil díb hé. Níbá fir sin or Conall Cernach 7 or Loegaire Búadach.

? jacob + h Legat 15. 8200 Atafregat for lár tige 7 gabtait a scíathu foraib 7 taurlaingset a claidbiú³ a tríur. Immanesoírg dóib combo nem tened indala leth dind rígthig lasna claidbiu 7 la fáeburu na ngaí. 7 combo

101b én|laith glégl a lleth n-aile di cailc na scíath. Foceird armgrith mór a rrígthech la sodain 7 ro crithnaigset³ ind láith 8205 gaile. 7 ro fergaigestar Conchobar⁴ fodessin 7 Fergus mac Róig oc ascin ind étualaing 7 ind anfsír i. in días do gabáil immón n-óenfer i. Conall Cernach 7 Loegaire Buadach im Choin Culaind. Ní rabí la Ultu fer no lamad a n-etargaire co n-epert

Sencha fri Conchobar. Etarscar na firu or se ar is é dia 8210 talmaide ro boí oc Ultaib ind inbuid sin Conchobar.

16. Dolluid Con[cho]bar⁵ 7 Fergus etarro iarom. Dollécet a láma la tóeb fó chetóir. Dénaid mo reirse or Sencha Dogenamne ol seat. Is í mo riarsa dī or Sencha in cauradmir ucut ol se do fodail fón slóg uile innocht 7 techt immi iar sudiu i 8215 rréir nAilella meic Mágach ar bid aingcess la Ultu in dal so do gleód mani brethaigther hi Cruachnaib. Fodailter iar sudiu

¹ teglach Facs. ² g perhaps due to retracer, cf. ucut, l. 8188. ³ a subscript.

⁴ MS. has an abbreviation stroke over o. ⁵ abbrev. stroke om.

X. leg claidb. the briefer refed to it

bíad 7 lind dóib 7 tairmchell dáil tenid leó 7 gabsus meisce 7 bátar failte. Briccriu dano 7 a rígan ina grianán. Bá foderc dó iarom assa imduí suidigud ind rígthige *amal* ro both and. Ro scrút inna menmain cinnas doragad ar imchossait na mban 8220 *amal* dorigni imcossait inna fer.

17. In tan iarom ro scáig do Bricrind a scrutan ina menmain *amal* doragad *airí* ba sí úair insin dolluid Fedelm Noíchríde .l. ban asind rígthig immach iar trummi óil. Addaci Briccriu sechá. Maith sin innocht a ben Loegairí Búadaig ní lesainm 8225 dait dano Fedelm Noíchríde ar febas do chrotha 7 do ceille 7 do ceneoil. Conchobar rí cóicid Herend do athair. Loegaire Buadach do chéle. acht nammá níbó ró lim dait conna tissad nech di mnaib Ulad ríut hi Tech Midchúarda 7 combad hit farsála no beth bantrocht Ulad uile. *Bá* tú theis isa tech ar 8230 thus innocht doroimle caidche aís banrígnacht úas bantrocht Ulad uli. Téit ass Fedelm la sodain tar teóra *fuithairbe* ón *tig*.

18. Tic immach iar sin Lendabair ingen Eógain meic Derthacht ben Conaill Chernaig. Atgládastar dano Bricriu co n-expert. 8235 Maith sin a Lendabair or se ní lesainm dait ind Lenabair at banlendan 7 at *ménmarc* fer ndomain uli. ar do aíne 7 *desire, darling* t'urdarcus. A n-ed ruc¹ do chéli do ócaib domoin ar gaisciud 7 cruth rouaiseo di mnáib Ulad. Cid móir tra a muinmech² dorat im Fedel'm dorat a dá cutrumma im Lennabair fóa n-innas 8240 cetna.

19. Dolluid Emer immach fo sodain .l.³ ban. Slán seiss a Emer ingen Forgaill Manach ol Bricriu a ben ind fir as dech i nÉre. Ní lesainm dait ind Emer Foltchaín is húariud do rígaib 7 rígdomnaib Herend immut. A n-ed rucc grían do rennaib 8245 nime ruaisiu | de mnaib domain ule. ar chruth 7 deilb 7 cenel. 102a ar *ófti* 7 áni 7 irdarcus. ar allud 7 érgna 7 aurlabra. Cíarbo móir trá a mainbech dorat imna m[n]á⁴ aile dorat a thri chomméit im Emir.

20. Tíagait ass iarom na teóra budne co mbatár i n-óenmagin .i. 8250 téóra fuithairbi on tig 7 ní fitir nech díb for araile a n-imchossait do Bricrind. Dotháegat dia tig la sodain. Tochim fossad n-álaind n-ínmalla issin chetna fuitherbe. is *ing* ma rofuc nech *scarcely, hardly* díb a choiss sech araile. Ind fuithairbe tanaise im bá miniu 7

¹ruch Facs.

² only a trace of aspiration mark left.

³ .i. Facs.

⁴ n-stroke om.

wd expect a const. nech thought of as met.?

8255 bá lúathiu a n-imtecht i ssudiu. Ind fuithairbe im̄ ba nessu don
 tig is samlaid ruc cach ben dia seitche¹ ar écin 7 tuargabsat a
 lénte co mellaib a lárac do imchosnom dul isa tech ar thús úair
 iss ed atrubairt Bricriu fri cach ae timchell araile is si robad
 banrígan in chóicid uli inti díb cétna ragad issa tech. Ba sí
 8260 méit a fothraind tra oc imchossnam techta ar thossaig cárach
 ríana chéli amal bid fothrond .l. carpat dothisad and co forcroth
 a rígthech n-uile 7 co raeblangtár ind laith gaile dia ngaisciud
 co folmastar cach díb aidid a chéle isin tig.

it lies in the whole place

21. Anaid or Sencha nídat námait táncatár acht is Bricriu
 8265 dorat imcossaít eter na mná dochótár immach. Tongu a
 toinges mo thuáth or se mani fatar a tech fríu bit lía a mairb
 and andat a mbí. Iadait na dorsaide in comla la sodain. Rosaig
 Emer ingen Forcaill Mánach ben Con Culaind ar lúas ríasna
 mnáib aile co tard a druim frisin comlaid. 7 co n-arlastár úadi
 8270 na dorsaide ríasin mbantrocht orchena. Conérget a fir isin tig
 la sodain cach fer² díib do oslogud ríana mnaí combad a ben
 cetna tísad issa tech ar thús. Bid olc ind adaig or Conchobar.
 Benaid a cló n-argit ro boí ina láim frisin n-úaitni crémuma inna
 imda co ndesitar in tslúaig inna sudi. Anaid or Sencha níba
 8275 cath co ngaisciud dogentar sund acht bid cath co mbriathraib
 la sodain. Tolluid cach ben fo choím a céli ammaig conid
 and sin dorónsat in briatharchath ban Ulad.

*Bríatharcath na mban inso

12. Asbert Fedelm Noicride ben Loegairi Buadaig

8280	r. ³ Cotombertsa brú sóer <i>sruith dim chlaind comceneoil</i> <i>fugitive will be heard?</i> <i>cinsiu di churp ríg sceo rígnai</i> <i>richt for caíni costud</i> <i>custom, usage, habit</i> <i>conid cruth buidech berar úaim</i>
8285	<i>noíthium</i> cruth caín <i>consert la feba Féne</i> <i>fogart geinsiu genas</i> <i>luchthond lámderg Loegairi</i> <i>lín mband mbalcbuada</i>
8290	beras ⁴ ar fáth nUlad

¹ i subscr. ² fir Facs. ³ in marg. ⁴ in ras.

8285. *noíth* makes known, spreads the fame of celebrities : 'Gan
 fanned for fair form' (dyspron. suffixed)

23.

juanolt áurslaid¹ crícha commart² commámat
cen Ultu imbi.

in necks, gaves, defences Imúsdích | immustecrathar imgoin airriu
airdercu laechaib Loegaire.

in lín a búada bías úas cech láech.
Cid nabhsin Fedelmsa Findchóem
chruthbúadach búageltach
cichsed ría cach mnái
hi Tech Midchúarda medrach.

102b

8295

23. Asbert Lendabair la sodain ingen Eógain meic Dertacht ben 8300
Chonaill Cernaig meic Amargin.

advance r.³ Ar is mése cruth chéill chongraiimmim coiblethar céim cruth caín caurchasta i Tech Midchúarta ríg ría mnáib Ulad.

for form, for durance, for appearance (reed-like)

8305

Ar is mo chéle cáem
Conall coscorach credmair
coibledar céim n-ard n-adguide i n-uchtú ergal n-eirrind ría cach.

desirable (enviable) ?

8310

Caín tintái chucum co cernaib co cennab co ruccai calca crúidae comraicthi Ulad arsaíd cach n-áthu conid diá thuil targláí arslaidh⁴ a n-áthu arfich a ngressu comaig láech arabí lecht líac laimethar meic áin Amargin accalldaim ar is Conall ar lín a cherd cinnges ría cach laech. Cid nabhsin Lendabairse lí súla cáich cichsed ría cach mnái hi tech ríg.

8315

8320

24.

Asbert Emer ingen Forgaill Manach ben Con Culaind

blending r.³ Cotomgabasa chéim cruth cheill congraiimmim coibliud búada báighfir cach delbchaín chucum conid mo rosc sóer setta doíne dom gnúis gné

8325

¹ laid seemingly in ras. ² com in marg. as if added after nart. ³ between cols. ⁴ sic, d apparently altered from t by retracer.

ní frith cruth ná córai ná congraim
ní frith gáes ná gart ná genus.

Ní frith luth seirce sóerligi

na celle conom thicse

8330 ar is immumsa ochsatar Ulaid uile
is mé a cnú chridi

glé diammbése báeth fiad etarlu.

nimmar mbith ben úadib lía céle

on trath sa co alaile

8335 is Cu Chulaind mo chéle
ní cú ches

crithir fola fora crund

cobur fola fora claeidiub.

Caín forondar a chorp hi crú

créchta ina chaíncnis

álta ina thóeb liss

caín feid a rosc rocheim inna chend síar

caín fúalaing fuither glaini sair

sírderg a sella

ógdérg a fonnaid

fordeirg a fortgae

arfich ó aíb ech 7 analaib fer

foceird ích n-erred ind aíb

atetha cles dond cless dall cless n-eóin

immelig loa usci

atetha cless nonbair

conboing catha cróchombág

falgai betho borrbuidne

brissid úath n-adarcna

is fer seirgeis i lligu

is crón chutma cúaride¹

iss i richt mná siúil

sedda Ulaid uli

co rríci mo chélese Coin Culaind

cró dond glé sin samlaitir ? clear, is he blased to noble blood

at salaig úantaind litig, a & fol (green-skinned ??)

at húanaind chrisalaig on of blood ??

at gairb chaithlig they are as rough hawks

Proper name of Seadid Sula¹

7/11/71

8355

8360

¹ a subscr.

at cróna cutrumma		
at crothle garmilíne		8365
at búanaind bodelbae		
is i r[re]chtaib bó 7 dam 7 ech		103a ¹
settaí mná Ulad uli conom thicisea.		n o' Malach 71

25.

La sodain ba ed dogensat ind fir batár sin tig i. Loegaire 7 Conall Cernach o ro leblaing a luan laith iar closin imacallma na mban. 8370 Ro briset cleith di clethaib ind righthe foa comartus immach conid sí conar dollotar a mná chucu isin tech. Cu Chulaind iñ tuargalb a tech i n-aurchomair a imdaí comtar foderci renna nimi son fraigid immach anis con[id]² sí sin conar dolluid a bensom 7 cóeca ban cecharde na da ban aili 7 l. ban a mná fodéin. connabad cuthrummus 8375 disi frisna mna aili uair nirbo chutrummus dosom fri cách. Dolleci Cu Chulaind a rrígthech sis iar sudi co ndechatár secht ferchubat di senamain in tige i talmain co forcrothá ndún uli 7 cor trascair gríanan Bricrend fri lár talman co torcair Bricriu fodein 7 a rígan co rrabatar isind otruch for lar ind lis eter na conaib. Aill amai for Bricriu 8380 tancatar námait a ndún la eirgi súas co opund. Coro lá cor immán rigthech co n-acca amal ro clóenad a thech conda tarla fora lethbeólu uli. Adsoirg a bossa la sodain 7 léicthe isa tech iar sudi 7 ni rabi la Ultu fer asaithgne³ amal ro salchad conid ina labrad atgenatar.

26.

Asbert Bricriu friu farom do lar in tigi. Ni ma torchomlodsa fleid 8385 dúb tra a Ultu for se. Is ansu limsa mo thech oldás mo trebad uli. Is geis dúb tra ol Bricriu ól t longud t chotlud co fargbaid mo thechsa amal fondrancaibair for bar cind. Atregat laith gaile fer nUlad uli isin tig la sodain 7 doberat triánnai don tig 7 nír thúargaibset cid co tisad gáeth etorro 7 talam. Robo cheist for Ultu dano aní sin. 8390 Nochonom thasa dúb ol Sencha acht in fer fodrácaib co clæn aitchid fris a facbail co diriuch. Asbertatar Ulaid fri Coin Culaind iar sudi a tech do dirgiud. 7 asbert Bricriu a ri láech nErend for se mani dirgisu corp coir nocon fil isin domun nod ndirgi. Doratsat Ulaid uli impidi fair im thúaslucud na cesta. Afraig Cu Chulaind la sodain 8395 na betis áes na fledi cen ól cen tomoltus. | Dorat iarom Cu Chulaind 103b triam dia turcbál 7 foremmid Ro riastrad immi farom iar sudi co rabi banna folia i mbun cacha finna dó 7 ro súig a folt inna chend corbo súas maeldub demis chas chirdub ba forcsí fair. 7 ro gab imbri bró 8400 ro sini iar sudi co taillfed fertraig eter cach da asna do.

27.

Tancatar a áes cumachta 7 a luchi adartha na dochum 7 tuargaib a tech iar sudi 7 forruim co riacht a dirgi fesin inna cetna. 7 bá sám

¹ This leaf (pp. 103, 104), worn very thin by abrasion, is by H. ² abbreviation stroke om.

* so that he shrank

① cf Zummer, ZCP i 75 ff who would amend to
imbrith brón 'das Kreisen des Röhlesteins'

doib iarom oc tochatim na fledi .i. na ríg 7 na toisig isindarna leith im Concobur clothamra im ardrig n-amra nUlad. Ind rigna iñm isind 8405 leith araili .i. Mugain Aitengaetrehc ingen Echach Fedlig ben Conchobair meic Nesa. Fedelm Noſcrothach ingen Concobair .i. noí crotha no tadbantais *furi* 7 bá aildiu cach cruth araili. Fedelm Foltchain dano ingen aili Conchobair ben Loegairi Buadaig. Findbec ingen Echach ben Chethirnd meic Fintain. Brfg Brethach ben 8410 Celtchair meic Uthichair. Findige ingen Echach ben Eogain meic Durthacht. Findchaem ingen Cathbad ben Amargin Iarngiúnaig.¹ Derb Orcaille ben Lugdach Riab nDerg meic na Tri Find Emna. Emer Foltchain ingen Forcaill Manach ben Con Culaind meic Sualdaim. Lendabair ingen Eógain meic Durthacht ben Conaill Cernaig. Niab 8415 ingen Celtchair meic Uthechair ben Chormaic Cond Longas meic Concobair. Is lia turem tra 7 aisneis ina mboí di degmnáib and chena.

29. Dorala in tech ina ráithsechaib briathar ocna mnaib doridisi oc imarbaig eter a feraib 7 siat fesni, co folmaiset ind fir comergi debtha 8420 dorisi .i. Conall 7 Loegaire 7 Cu Chulaind. Atracht Sencha mac Ailella 7 ro croith in craib Sencha 7 contoiset Ulaid uli fris conid and asbeirsom oc cosc inna mban.

- .r.² Cotobsechain a laíchessa
ána áurdairce airegda Ulad.
8425 anat for mbriatra bági
na bánaitear fergnúsi
i ccruadaib comraictib
tria úalle a nglond.
ar is tria chin mban
bit fernai fer dlochtai *rwe.*
sl. 100 8430 fir i n-irgalait
immad már galgalat
comlud ferglunni *ferglunne wælfæl undfæder*
ar is dia mbrígaib báesaib
bés dóib dosurebat nad íccat
imsuidet nad raiget ?
cotobsechain a laicesa
ana urdairci.

30. Is and asbert Emer oca frecra.

8440 .r. ²Deithbir dams a Sencha uair isam bensa curad caín cotngab-
104a thus³ cruth ceil o ro damnad a forceful | cen dichill. eter chles for *næglænge*

¹ Iarngiúnaig *Facs.*, but the stroke over u is not the usual n-stroke, and seems recent. ² between cols. ³ asp. mark om. *Facs.*

análaib 7 ubullchles 7 siaburcles 7 cles cúair 7 cles cait 7 dergfilliud erred nair 7 gai bolcái 7 bai brási 7 bruth ngene 7 sían curad 7 rothchles 7 faeburchles 7 dreim fri fogaist 7 dírgiud cretti for cach n-áí.

Ní faigbistar fer and *comnestar*

8445

a aes 7 a ás 7 a anius.

a guth a gáes a chenel.

a anius a urlabra.

a ág a gal a gaisced.

a bruth a búaid a búadirse.

8450

a *foraim* a fómsige.

a déni a tharpige

a fianchoscur co cles nónbair

fo Choin *Culaind* comchosmail.

- 31.** Fir inna radisiu a *ben* for Conall Cernach. tát ille in gilla clesach 8455 sin co comairsem. Nathó for Cu *Chulaind* am scith aithbristi indiu conda esur biad 7 coro chotlur ni dingon comlond. Ba fir ém dosom *dano* ani sin fo dagin issed láa and sin immanarnic dosom frisin Liath Macha hi taib Lindi Leith. hi Sleib Fúait. Ro selaig Cu *Chulaind* chuci iar tichtain dó asind loch co tarat a di laim imma brágít. co 8460 ragaib etor oc gleic coro thairmchellsat tir nÉrend fon n-innasin. co toracht inn aidchi sin¹ cona eoch riata leis co Emain Macha. Is fón n-innas cetna *dano* fuair in Dub Sainglend a Loch Duib Sainglend.

- 32.** Is and asbert Cu *Chulaind* ani seo. Ro sirius indiu 7 in Liath morbrugi Erend .i. Brega Midi Muresc Muithemni Macha Mag 8465 Medba Currech Cleitech Cerna Lia Line Locharna Fea Femen Fergna Urros Domnand Ros Roigne Ann² Éó. Ferr *cach* cles cotlud diliu lim longud oldás cach ni. Tongu do dia toinges mo thiúath diámsa saithech bid 7 cotulta conid cles 7 cluchi lim comrac fri óenfer.

8470

- 33.** Immacomarnic tra dóib debaíd do denam imman curadmir doridisi. Dogní Concobar 7 mathi Ulad olchena a n-etrain coro glethe a mbrethugud. Eircid for Concobar cussin fer folimathar for n-etrain co Coin Róí mac nDáiri. conid and asbert.

En lait ye

.r.³ Alid in fer

8475

concerta do chách

mac Dairi dúir

caemroth Cu Roi

conclecht fir *forcoll*

mad fri góe gebitar

8480

fer find fíren

¹ i very faint; om. Facs. ² sic. ³ in marg.

8485

fer maith mormenmnach
 brugaid ar brugachus
 láech ar laimthenchus
 ardri ar airechus
 concertfa fir foraib
 feidm airg ailfes alid. alid.

- 34.** 104b Foemaimsea sin tra for Cu Chulaind. Cet lem dano for Loegaire | a
 dula dano for Conall Cernach. Gabtair th'eich di¹ for Cu Chulaind 7
 8490 indillter do charpat a Chonaill. Aill amai for Conall. Éche for
 Cu Chulaind foritir cach amglicu t'echradsu mailli do cheim 7
 t'innell imtrummu concingeng² do charpat eo tocba clod cehtar a da
 roth rocharpait con[id]³ slicht suachnid fri ed mbliadna do ocbaid
 Ulad cach rot riadas do charpatsu a Chonaill.

- 35.** 8495 Atclunisiu sút a Loegaire for Conall. Fe amae for Loegaire nacham
 ail nacham imderg.

Am escidsea for atha for ilatha
 co ucht anfaid irgaile
 re n-ocaib Ulad.
 8500 ni chuir formsa remthus rerig
 conclechtaimse cairmteoracht
 re n-arcaib ré n-erredaib ri oencairptib
 i ndolgib i ndrobelaib
 hi caitlib hi cocrichaib
 8505 nad clechta err óencharpait
 do imluad ar m'ési. a.

- 36.** La sodain ro inled a charpat do Loegaire 7 ro leblaing ind 7
 imreid dar Mag Dá Gabul dar Bernaid na Forairi dar Ath Carpait
 Fergusá dar Áth na Mórrigna do Cháerthiund Clúana Da Dam hi
 8510 Clíthar Fidbaidi hi Commur Cetharsliged sech Dun Delca dar Mag
 Slicech siar hi Sléib Breg. Ro gab tromcheó doborda dorcha doeo-
 lais dó and sin connarb inriata dó in chonar. Anam sund for
 Loegaire fria araid coro díglia in ceó dind. Tairbling Loegaire asa
 charput. Ro chuir in gilla na eocco hi fergort boí hi comfucus dó.

- 37.** 8515 A mboi and in gilla co n-acca in scáilfer mór ina dochum. nirbo
 segunda a tuarascbáil se mullachlethan belremur bolsuilech grénd-
 etenach⁴ granna grucánach dosmailgech docraíd adetig. sé tailc
 talchar tinsensach sé sotal suach séitfidach sé rengmar rigtréan
 rochalma. sé borb brogda bachlachda. Mael dub demsidi fair ariit

¹ trá eich duin Facs. ² sic. ³ abbrev. stroke om. ⁴ gd, with two n-strokes over g, Facs.; ms. has g with ē suprascr., and the t has been given a curved head so that it forms a tall e, to read te; grenetnach, H 3. 17, grindednach Voss., grindedtanach Eg.

*ZCP
xxii. 35*
odor immi inar co foph a thona im sodain senbrisca a salcha má 8520 chossa. Mátan maglór ci móri fria ais amal mol mulind.

38. Cóchét na heich se a gillí for se la fegad co andíaraid fair. Eich Loegairí Buadaig for in gilla. Fir for se maith in fer asa eich. Is amlaid ro raid sin la turcbail a mátan fair 7 dobretha béis dón gillu o adbrond co hó. Egis in gilla. Doroich Loegaire fua. Cid dia mbá 8525 don gillu | ()² Loegaire. Hi cinta ind fergoirt do milliud for in 105a¹ t-aithech ()e³ fein ticfa for Loegaire. Immacomsíntar dóib dano.⁴ Techid Loegaire iar tain co ránic Emain Macha iar facbail a ech 7 a gillí 7 a armgascid.

39. Nirbo chian iar tain co toracht Conall Cernach in sligid cetna co 8530 ránic in magin in ro artraig in ceo druidechta do Loegaire. Artraig dano in dubnel cetna dorcha doborda for Conall Cernach connar cungain nem i talmain. Tarblingis Conall iar tain 7 scurid in gilla na eochu isind fergort chétna. Nirbo chian dó iar sudi co faca in scál cétna chuci. Iarfaigis dó cia diambo cheli. Am celisea Conall 8535 Cernaig for se. Maith in fer for in scál la tócbáil a lámi co tarat beim dó ó hó cóa fodbrond. Iachtais in gilla. Tic Conall fo sodain. Immacomarnaic dó 7 don scál. Tresi cluchi ind athig. Techis Conall ón mud chetna amal ro theich Loegaire iar fácbáil a armgascid 7 a ara 7 a ech co ránic Emain Machai 8540

40. Dolluid Cu Chulaind iar sin forsin tsolidid chetna co ránic in n-inad cétna conos tarraid in dubchéo cétna feib tarraid in lucht remi. Tarblingis Cu Chulaind 7 berid Láeg na echo sin fergort. Nirbo chian dó co n-acca in fer cetna chuci 7 immafoacht de coich diambo cheli. Celi do Choin Chulaind for se. Maith in fer for in scal la 8545 fuirmed in mátan fair. Iachtais Láeg. Tic Cu Chulaind fo sodain 7 immácomarnaic dó 7 don scál. 7 nos tuarcend cách araili díb. Traitar in scál coro dilsig na echo 7 in n-araid 7 co ruc echo 7 aradu 7 armgaisced a coceli leis co ránic Emain Macha cona morthoscur 7 dorat dia fiadnaib fein íat. 8550

41. Is letsu in curadmír ol Brícní fri Coin Culaind is follus as for ng[n]imaib⁵ ni dligthí comardad fris etir. Níbá fir ani sin a Bricriú for siat úair foretammarni conid áen di chardib sidchairechta dosfanic do immirt mela 7 cumachta forni immon curadmír 7 ni léicfemni uaind hé air sin. Femdit tra Ulaid 7 Concober 7 Fergus a n-etergleod no ro⁶ 8555 curtis do saichtin Con Roí meic Dairi i do saichtin Ailella 7 Medba co Cruchain⁶ Ai.

¹ in dei nomine marg. sup. rec. man.

² col. a also by H in ras. ³ illeg., read for. ⁴ illeg., read is me. ⁵ d barely legible; a is traceable, with a mark over it. ⁶ n-stroke om. ⁶ sic.

Tochim Ulad co Cruacain¹ inso

42. Dorónsat iarom *Ulad* comarli a hoeninud im comuaill 7 im
 8560 chomdimmus in trír curad sin 7 is i comarli doronsat mathi *Ulad* im
105b Conchobar do techt leo d'etergleod a cesta co tech²] | nAilella meic
 Mágach 7 Medbi co Cruáchnaib Ái immá curadmír 7 im
 imarbáig na mban. Bá caín 7 ba haíbind 7 bá socráid a rréim
 ronucset *Ulad* do Cruachnaib. Anais iñ Cu *Chulaind* colléic
 8565 do éis in tslóig oc airfítiud ban n*Ulad* i.i. ix. n-ubla clis 7 .ix.
 cletíne clis 7 ix. scena clis 7 ní thairmescad nach ai alaile.

43. Luid Lóeg mac Ríangabra iarom a arasom Con *Culaind* dia
 acallaimsom bale i rrabe oc na clessaib co n-epert fris. A
 claín trúraig or se ro scáig do gal 7 do gaisced dochúaid úait in
 8570 curathmír rosíachtatar *Ulad* Crúachain ó chíanaib. Nír
 rathaigsem etir ém a Laíg. Indill dún in carpat trá or se.
 Indlis Lóeg iarom in carpat 7 lotár for érim. Rosíachtatar trá
 slóig *Ulad* archena in tan sin Mag mBreg. Ro boí di lúas ind
 éarma ronuc Cu *Chulaind* trá ó Dún Rudraige iarna grísad dond
 8575 araid tucht imruláith in Líath Macha 7 in Dub Sainglend fón
 charput dar fot chóicid *Concobair* 7 tar Slíab Fúait 7 dar Mag
 mBreg conid hé in tres carpat cetna ránic Cruachna Ai.

44. Lasa réim 7 lasa mborrfad tra ronucsat láith gaile fer n*Ulad*
 uli im Chonchobar 7 imón rigráid olchenaí do Crúachnaib Ái. ro
 8580 lá armgrith móri di Cruachnaib co torchratar na hairm asna
 fraigthib co rrabatár for talmain. 7 ros gab slúagu in dúne ule
 conid samlaíod ro mboí cach óenduine isind lis amal bír curcas
 fri sruth. Asbert Medb la sodain cosindiu dano ol si ó gabusa
 Crúachna ní chúalasa in toraind cen na níulu and cosindossa.
 8585 Luid Findabair la sodain ingen Ailella 7 Medba co mboí isin
 ngríanan for fordorus in dúne. co n-érbairt. Atchíusa cairptech
 issa mmag a mátharnait ol si. Cuire samla fair ol Medb a
 crúth a éosc a chongraim delb a fir dath a ech tochim a
 charpait.

45. 8590 Atchíusa ém ol Findabair na dá ech filet fón charput dá ech
 bruthmara brecglassa comdatha comchrótha commathi combúada
 comlúatha comléimnecha biruich ardchind agenmáir allmair
 gablaich guipchúil dúalaich tullethain forbreca fosenga forlethna
 forráンcha cassmongaig casschairchig. Carpat fidgrind féthaidi.

¹ Cruachain *Facs.*² Interpolation of H ends.

Da ndroch duba tairchisi. Dá n-all n-áebda imnaissi. Fertsi 8595
 crúadi colgdírgi. Cret noíthech¹ noíglinne. Cuing druimnech
 dronargda. Dá n-all ndúalcha dronbudi. Fer findchass folt-
 lebor isin charput. Folt dúalach tri ndath fair. Folt dond fri
 toind cind. croderg a medón. Mind n-óir budi in folt
 fordatuigithar. Ro lásat tri imrothu imma chend cocairse cach 8600
 ae dib hi taib alaile. | Fúan caín corra n-imbi. cóicroth óir 106a ^{4. TBFN, 104.}
^{WB 30 d 19} airgdide and. Scíath brec béimnech. bil bán findruini. Gilech
 cùach cóicrind ar a dur[n]d² derglassid. Aíblúth n-én
 n-etegnáith úasa creit charpait.

Atgénammár asa samail in fer sin ol Medb.

8605

r. ³	Greit ríg	
	senrechtaid búada	
	barc bodbae	
	bruth brátha	
	breó digla	
	drech curad	8610
	cúinsiu chórad	
	críde ndracon	
	altfad mbrochbúada for dun dibni	
	in luchhond lámdérg Loegaire	8615
	luth la sáebra foltchíp	
	tond fri talmain tadbéim.	

Tongusa a tonges mo thúath ol Medb más co mbaraind debtha
 totháet Loegaire Buadach cucund amal bentair folchib fri lár
 talman co n-altain áith bid sí sein glicci ind airlig dobéra forond 8620
 lín atám hi Cruachnaib Ai mani fochlither a bruth 7 a bríg 7 a
 borrfad fóá réir fodein co tlathugud a debha.

47. Atchíusa dano carpat n-aile isa mag a matharnait ol ind
 ingen ní mesu dotháetside. cuire samla fair ol Medb. 7 ⁴.
 Atchíusa ém ol si indala n-ech file⁴ fon carput. Gabur cenand 8625
 crónadatha crúaid dían daigerda bedgach baslethan uchtlethan
 benas buille balcbúada tar áthu tar inberu tar aittiu tar imratiu
 tar maige tar midglinni co ndasaíd iar mbúaid midise a samlaib
 én n-etalrlúamain nis feid mo rosc rán indiut fora rríad rochéim
 rám étruth. Araile ech derg taullethan drondúalach dúalchass 8630
 drúimlethan foéng feochair fond fortrend forrgethach athechtaí

¹ noítech *Facs.* ² n-stroke om. or very faint. ³ in marg. ⁴ fil *Facs.*

fath n-etarmaige eter mothru 7 amréthi. Ní fogaib and imdoraid hi téir omna ríad róot. Carpat fidgrind fethaide dia ndroch finna umaidi síthfe find forargit cret aurard drésachtach cuing 8635 druimnech dronuallach dia n-all dúalcha dronbudi. Fer findchass foltlebor isin charput. Dreach lethderg lethgabur laiss. Fúamain find fuinechda brat gorm crónchorcra. Scíath dond telbude. Bil chondúail créumai. Luchair derg daigerdae ara durn derglasaid. Anbluth 'n-én n-ctegnaith' úasa creit 8640 chroncharpait.

48. Atgenamár asa samail in fer ol Medb.

	r. ² Q <u>xad leomain</u> londbruth <u>loga</u> <u>lía caín cermnae</u>
8645	<u>cern eter crethaib</u> curethar crúaid chend ar chend glond ar glond gleó ar gleó.
8650	glé nodon sel ní sladar iasc mbrec for ganim deirg diambi fergi fúasnadar ³ mac Findchoimi frind

Tongu a toinges mo thuath amal sladar iasc mbrec for licc 106b dergáin co sús|taib iarind bid si sin mini na hesorgni dobéra 8656 Conall Cernach forni dia fúasnaither frind.

49. Atchiusa dano carpat n-aile isa mmag. Cuir a samail duin ol Medb 7 r. Atchiusa ém ol ind ingen indala ech fil fón charput. Ech líath lesslethan lond lúath lúamnach londmar 8660 lugleimnech lebormongach maignechech toirnech trosmar túagmong ardchend uchtlethan lasaid fót fond bras fochuirse focrúaid fóa cruib calath cethardu dogreind almai énlaithe lúith búada berid riuth for sét foscain úathu ech n-anailche. uiblech tened trichemrúaid tatnit a cróes glomarchind.

50. 8665 Araile ech círdub crúайдhend cruind coelchos cálethan cobluth díán dulmar⁴ dúalach druimlethan dronchóchech maignechech aignechech bairrnech balceimnech⁵ balcbéimnech

